Cruinniú 6: 25 Márta 2022 i gCaifé Óige Boomerang

Rinneadh plé ar fhógra na Roinne Oideachais le déanaí maidir le síneadh a chur le clár DEIS um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh. Chuir baill imní in iúl nach raibh scoileanna a ainmníodh i ngníomh 6.1 de Phlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha san áireamh ar liosta stádais Uirbeach DEIS 1. In ainneoin gur cuireadh in iúl gur dheimhnigh an Roinn Oideachais leithdháileadh breise acmhainní teagaisc ar na scoileanna seo don bhliain acadúil 2022-2023, aontaíodh go gcuirfeadh an Bord Forfheidhmithe tacaíocht ar fáil do na scoileanna agus iad ag cur isteach ar stádas Uirbeac DEIS 1.

Bhuail na foghrúpaí go léir le chéile ó bhí an cruinniú Boird deiridh ann agus tugadh nuashonruithe mionsonraithe ar a ngníomhaíocht.

Mheas an Bord iarratas clár píolótach idirghabhála oideachais a fhormhuiniú do dhaoine 12-15 bliana d'aois atá i mbaol éirí as an scoil, clár a chuirfear ar fáil i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéar ar dtús agus é beartaithe go ndéanfar é a leathnú ar fud Dhroichead Átha, agus thacaigh an Bord leis.

Rinne dréacht-leagan den dara tuarascáil ráithiúil/débhliantúil a phlé maidir le Plean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha a sholáthar agus ceadaíodh é lena chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt.

Measadh iarratas ar ionadaíocht Comhairleoirí ar fhoghrúpaí an Bhoird agus iarradh cruinniú leantach.

Cuireadh in iúl gur foilsíodh torthaí an chomhairliúcháin phoiblí Westgate Vision agus aontaíodh go n-ullmhódh Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha aighneacht do chomhairliúcháin amach anseo.

Tá Cathaoirleach agus Comhordaitheoir an Bhoird ag bualadh le páirtithe leasmhara éagsúla le roinnt seachtainí anuas. Bíonn an Comhordaitheoir ar fáil chun cur i láthair a thabhairt agus/nó labhairt le baill an phobail ar obair an Bhoird.